**Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000003/2017 ar an gCoimisiún**
Rule 130b
**Dubravka Šuica, Franc Bogovič, Daniel Buda, Pál Csáky, Andor Deli, György Hölvényi, Marijana Petir, Ivan Štefanec, Patricija Šulin, Alojz Peterle, Marian-Jean Marinescu, Miroslav Mikolášik, Ivana Maletić, Milan Zver, Tomáš Zdechovský, Inese Vaidere, Traian Ungureanu, Željana Zovko, Eduard Kukan, Krišjānis Kariņš, Ivica Tolić, Romana Tomc, Dariusz Rosati, Artis Pabriks, Adam Szejnfeld, Renate Sommer, Pavel Svoboda, Michaela Šojdrová, Iuliu Winkler, Zigmantas Balčytis, Nicola Caputo, Doru-Claudian Frunzulică, Georgi Pirinski, Monika Smolková, Olga Sehnalová, Biljana Borzan, Tonino Picula, Anna Elżbieta Fotyga, Ruža Tomašić, Monica Macovei, Jana Žitňanská, Georgios Epitideios, Ivan Jakovčić, Ivo Vajgl, Merja Kyllönen, Julia Pitera**

Ábhar: Difríochtaí idir dearbhuithe, comhdhéanamh agus blas táirgí i margaí lár/oirthear AE agus i margaí iarthar AE

Ag an 3524ú cruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh a reáchtáladh sa Bhruiséil an 6 Márta 2017, maidir le déchálíocht bia-ábhair, iarradh ar an gCoimisiún ‘breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht iomchuí lena n-áirítear reachtaíocht ar leibhéal AE.’

Tá sé dearbhaithe i staidéir go bhfuil difríochtaí ann ó thaobh comhdhéanamh agus caighdeáin de i dtáirgí a dhíoltar ar mhargaí lár/oirthear AE agus ar mhargaí iarthar AE a bhfuil an bhrandáil agus an pacáistiú ceannann céanna acu, agus is minic a bhíonn comhábhair i roinnt mhaith táirgí a dhíoltar i dtíortha Lár/Oirthear AE atá ar chaighdeán níos ísle ná caighdeán na gcomhábhar atá sna táirgí brandáilte a dhíoltar ar mhargaí Iarthar AE. Léirítear i staidéir áirithe i gcás suas le leathchuid de na táirgí, go mbíonn difríochtaí ann a bhfuil tionchar suntasach acu ar chaighdeán na dtairgí, lena n-áirítear sciar níos ísle feola, sciar níos airde saillte, méid níos airde milseoirí saorga agus leasaitheach, agus meáchan níos ísle.

Tá sé sin tugtha ar aird i réimse leathan táirgí – ó bhia agus earraí maisíochta go dtí glantaigh agus dífhabhtáin – atá ar chaighdeán níos ísle agus uaireanta ar phraghas níos airde i gcomparáid leis na táirgí ceannann céanna i ndeighleog iarthair mhargadh AE.

Is fíor go ndéanann cuideachtaí idirdhealú idir táirgí de réir margaí. Tá sé do-ghlactha, áfach, go bhfuil difríochtaí ann ó thaobh chaighdeán an bhunábhair de agus go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir dá bharr sin.

Agus margadh inmheánach aonair AE á chur san áireamh aige, cad iad na bearta a dhéanfaidh an Coimisiún chun deireadh a chur le cleachtais den sórt sin, cleachtas lena ndéantar an margadh aonair a ilroinnt? An ndéanfaidh an Coimisiún reachtaíocht AE a athbhreithniú chun tomhaltóirí a chosaint trí dheireadh a chur le caighdeáin dhúbailte maidir le cáilíocht na dtáirgí a dhíoltar i lár/oirthear na hEorpa agus in iarthar na hEorpa?